Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Bealtaine 2022**
**(OR. en)**

**8232/22**

**CO EUR-PREP 9**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (23 agus 24 Meitheamh 2022)<br>– Dréacht-Chlár Oibre anótáilte |

*I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Eorpaí, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar leis an gcomhalta den Chomhairle Eorpach atá mar ionadaí don Bhallstát a bhfuil Uachtaránacht leathbhliantúil na Comhairle aige agus le hUachtarán an Choimisiúin, le dréachtchlár oibre anótáilte a chur faoi bhráid na Comhairle Gnóthaí Ginearálta.*

*Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtchlár oibre anótáilte a thíolaic Uachtarán na Comhairle Eorpaí, ina leagtar amach na príomhábhair a dtabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh orthu ag an gcruinniú thuas, mar a mheastar.*

*I bhfianaise an phlé deiridh a bheidh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta laistigh de chúig lá roimh an gcruinniú den Chomhairle Eorpach, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí leis an gclár oibre sealadach a dhréachtú.*

## I. AN ÚCRÁIN

Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar gach gné den staid san Úcráin.

## II. SAINCHEISTEANNA EACNAMAÍOCHA

Pléifidh an Chomhairle Eorpach an staid eacnamaíoch.

Iarrfar uirthi na moltaí tírshonracha comhtháite a fhormhuiniú agus Seimeastar Eorpach 2022 a thabhairt i gcrích.

## III. AN CHOMHDHÁIL AR THODHCHAÍ NA hEORPA

Déanfaidh an Chomhairle Eorpach an bealach chun cinn a leagan amach i ndáil leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa.

## IV. AN EORAIP MHÓR

Beidh plé straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir le caidreamh an Aontais Eorpaigh lena chomhpháirtithe san Eoraip.

*[p.m.: bearta leantacha Chomhairle Eorpach mhí na Bealtaine de réir mar is iomchuí]*